Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Nollaig 2025
(OR. en)

16566/25

LIMITE

TELECOM 466
CYBER 373

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Formhuiniú ón gComhairle ar shamhail acmhainní anailís riosca comhthéacsbhunaithe (COBRA) maidir leis an modheolaíocht chun measúnú riosca agus tionchair a dhéanamh ar chórais intleachta saorga ar chearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta (HUDERIA) ó Choiste Chomhairle na hEorpa um an Intleacht Shaorga (CAI)<br>– Formheas ionstraime neamhcheangailtí |

1. An 17 Bealtaine 2024, ghlac Comhairle na hEorpa Creat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga agus Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht reachta[1]. Shínigh an Coimisiún an Coinbhinsiún thar ceann an Aontais an 5 Meán Fómhair 2024. Áirítear i gCaibidil V den Choinbhinsiún oibleagáid ar na Páirtithe bearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun rioscaí a bhaineann le córais intleachta saorga a shainaithint, a mheasúnú, a chosc agus a mhaolú trí thionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta a chur san áireamh. Chomh maith le mionsaothrú an Choinbhinsiúin mar ionstraim cheangailteach, cuireadh de chúram ar Choiste Chomhairle na hEorpa um an Intleacht Shaorga (CAI) modheolaíocht neamhcheangailteach a fhorbairt maidir le Measúnú Riosca agus Tionchair ar Chórais IS ó thaobh Chearta an Duine, an Daonlathais agus an Smachta Reachta de (modheolaíocht HUDERIA), chun tacú leis na Páirtithe sa Choinbhinsiún i gcur chun feidhme na n-oibleagáidí bainistithe riosca agus tionchair a áirítear sa Choinbhinsiún.

[1] CETS 225 — Creat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga agus Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht Reachta (coe.int)

2. An 14 Meitheamh 2024, chuir an Coimisiún nóta faoi bhráid na Comhairle maidir leis an rún atá ag an gCoimisiún tús a chur leis an bplé maidir le hionstraim neamhcheangailteach a bhaineann le modheolaíocht HUDERIA, a bhí le forbairt ag CAI. Le linn an tseisiúin AGRFISH a bhí ann an 15 Iúil 2024, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir leis an ionstraim neamhcheangailteach sin.

3. Chuir CAI modheolaíocht HUDERIA i gcrích agus ghlac sé í ag an 12ú cruinniú iomlánach a bhí aige an 26–28 Samhain 2024. Ina dhiaidh sin, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún, ag an seisiún a bhí aici an 16 Nollaig 2024, glacadh mhodheolaíocht HUDERIA, mar atá in WK 15653/24 ADD1, a fhormhuiniú thar ceann an Aontais.

4. Ag céim ghlacadh mhodheolaíocht HUDERIA, cinneadh gan ach an príomhdhoiciméad a thabhairt chun críche agus a ghlacadh agus an obair ar an doiciméad ina mbailítear gnéithe mionsonraithe éagsúla a chur siar go dtí 2025 (samplaí de cheistneoirí, athbhreithniú ar úsáidí IS a d'fhéadfadh a bheith achrannach, treoir mhodheolaíoch mhionsonraithe, etc.) atá ceaptha chun cuidiú le cur chun feidhme nithiúil na modheolaíochta ('samhail HUDERIA'). Le linn 2025, choinnigh an Coimisiún WP Telecom ar an eolas faoi dhul chun cinn na hoibre ar shamhail HUDERIA, lena n-áirítear trí dhréachtleaganacha de na doiciméid chomhfhreagracha a sholáthar. Go háirithe, cuireadh leagan a dúnadh an leagan a ghlac CAI ar deireadh i láthair agus pléadh é ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Theileachumarsáid an 21 Deireadh Fómhair 2025.

5. An 5 Nollaig 2025, chuir an Coimisiún in iúl don Chomhairle trí bhíthin ionstraim neamhcheangailteach go ndearna CAI[2] an leagan deiridh de shamhail HUDERIA, 'Acmhainní COBRA', a thabhairt chun críche agus a ghlacadh ag an 14ú cruinniú iomlánach a bhí aige an 3-5 Samhain 2025 in Strasbourg. Is féidir teacht ar an leagan deiridh de shamhail HUDERIA (Acmhainní COBRA) in 16537/25 ADD1. Sa nóta maidir le hionstraimí neamhcheangailteacha, dheimhnigh an Coimisiún go gcuirtear san áireamh go sásúil sa tsamhail na barúlacha agus an t-ionchur a thíolaic an Coimisiún thar ceann an Aontais agus d'iarr sé ar an gComhairle a ghlacadh a fhormhuiniú.

[2] 16537/25.

PUBLIC

6. Ag an gcruinniú a bhí ag WP Telecom an 11 Nollaig 2025, chuir an Coimisiún an leagan deiridh de shamhail HUDERIA (Acmhainní COBRA) i láthair. Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí an fhaisnéis sin agus níor chuir siad aon fhorchoimeádas in iúl.

7. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas:

- le linn sheisiún ECOFIN an 20 Eanáir 2026, a údarú don Choimisiún glacadh an leagain chinntithigh de shamhail HUDERIA (Acmhainní COBRA), mar atá in 16537/25 ADD1, a fhormhuiniú thar ceann an Aontais.

PUBLIC